2024/2671

10.10.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME 2024/2671ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Deireadh Fómhair 2024

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Ghréig

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 7091)

(Is é an téacs Gréigise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach é ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag a bhíonn ar ainmhithe den chineál gabhair nó den chineál caorach agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha.

(2) I gcás ráige d'ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag in ainmhithe den chineál gabhair nó den chineál caorach, tá riosca suntasach ann go leathfadh an galar sin go bunaíochtaí eile ainmhithe den chineál gabhair nó den chineál caorach.

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([2]) forlíontar na rialacha maidir le rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainmhínítear mar ghalair de chatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([3]). Go háirithe, déantar foráil in Airteagail 21 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráige de ghalar de chatagóir A, lena n-áirítear ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag, agus maidir le bearta áirithe a bheidh le cur i bhfeidhm ann. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin go gcuimseoidh an crios srianta crios cosanta, crios faireachais, agus, más gá, criosanna srianta breise timpeall na gcriosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh.

(4) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132 ón gCoimisiún ([4]) ar bhonn Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos leis bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Ghréig. Go sonrach, foráiltear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132 maidir leis na criosanna cosanta, na criosanna faireachais agus na criosanna srianta breise atá le bunú ag an mBallstát sin, tar éis ráigeanna den ghalar sin, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, go gcuimseoidh na criosanna sin ar a laghad na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coiscthe agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm i leith catagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca suntasach ag gabháil leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132 ón gCoimisiún an 30 Iúil 2024 maidir le bearta éigeandála eatramhacha áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Ghréig agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2014 (IO L 2024/2132, 30.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2132/oj).

(5) Tar éis ghlacadh Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132, thug an Ghréig fógra don Choimisiún faoi ráigeanna breise d'ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag i mbunaíochtaí inar coimeádadh ainmhithe de chineál caorach agus de chineál gabhair. Mar thoradh air sin, leasaíodh an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin go cuí chun na ráigeanna breise sin a chur san áireamh. Ba le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2501 ón gCoimisiún ([5]) a leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132 go deireanach.

(6) Ó bhí dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2501 ann, thug an Ghréig fógra don Choimisiún faoi deich ráig bhreise d'ionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag i mbunaíochtaí inar coimeádadh ainmhithe de chineál caorach agus de chineál gabhair: aon ráig déag in aonad réigiúnach Corinthia; agus ceithre ráig in aonad réigiúnach Larisa. Tá na ráigeanna nua uile lonnaithe laistigh de theorainneacha imlíne na gcriosanna cosanta, na gcriosanna faireachais agus na gcriosanna srianta breise a bunaíodh cheana mar thoradh ar ráigeanna a tharla roimhe sin sna limistéir chéanna.

(7) Dá bhrí sin, na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta, criosanna faireachais agus criosanna srianta breise sa Ghréig san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132, ba cheart iad a choigeartú a thuilleadh chun leathadh breise an ghalair sa Ghréig agus sa chuid eile den Aontas a chosc, agus ba cheart fad na mbeart atá le cur i bhfeidhm sna criosanna sin a choigeartú. Dá réir sin, is gá liosta na gcriosanna srianta agus fad na mbeart atá le cur i bhfeidhm sna criosanna sin a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a leasú.

(8) Ba cheart méid agus suíomh na gcriosanna cosanta, na gcriosanna faireachais agus na gcriosanna srianta breise agus fad na mbeart atá le cur i bhfeidhm sna criosanna sin a bheith bunaithe ar na critéir a leagtar síos in Airteagal 64(1) de Rialachán (AE) 2016/429 agus ar na rialacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, lena n-áirítear an staid eipidéimeolaíoch a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sna limistéir atá buailte ag an ngalar sin agus staid eipidéimeolaíoch fhoriomlán an ionfhabhtaithe sin le plá na n-athchogantach beag sa Bhallstát lena mbaineann an galar sin mar aon leis an leibhéal riosca maidir le leathadh breise an ghalair. Ba cheart caighdeáin idirnáisiúnta an Chóid um Shláinte na nAinmhithe Talún ón Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH) a chur san áireamh freisin agus fad na mbeart á chinneadh. Sa staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair, tá riosca ard ann go leathfaidh an galar a thuilleadh, toisc gur tuairiscíodh na ráigeanna nua sin breis agus sé seachtaine tar éis na chéad ráigeanna a bheith deimhnithe sna haonaid réigiúnacha chéanna, rud a chuireann in iúl go bhfuil an galar i gcúrsaíocht go marthanach.

(9) Mar gheall ar dhéine agus ar phráinn na staide eipidéimeolaíche agus chun leathadh an ghalair a theorannú láithreach, is gá a áirithiú nach dtarlóidh gluaiseachtaí ainmhithe ó na criosanna cosanta, na criosanna faireachais agus na criosanna srianta breise go cinn scríbe lasmuigh d'imlínte seachtracha na gcriosanna srianta breise, agus is gá eisiamh a chur i bhfeidhm maidir le maoluithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar an toirmeasc ar ghluaiseachtaí ainmhithe ó na criosanna srianta a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, ar feadh tréimhse áirithe ama, chun leathadh an ghalair thar achair fhada a chosc.

(10) I bhfianaise phráinn na staide eipidéimeolaíche san Aontas a mhéid a bhaineann le leathadh an ionfhabhtaithe le plá na n-athchogantach beag agus i bhfianaise an ghá cosc a chur ar leathadh an ghalair ó na bunaíochtaí atá buailte sa Ghréig go codanna eile den Bhallstát sin agus go Ballstáit eile, ba cheart feidhm a bheith ag na leasuithe atá le déanamh ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132 leis an gCinneadh seo a luaithe is féidir.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2501 ón gCoimisiún an 19 Meán Fómhair 2024 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le plá na n-athchogantach beag sa Ghréig (IO L 2024/2501, 24.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2501/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2132.

Airteagal 2

Seolaí

Is chuig an bPoblacht Heilléanach a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

A. **Criosanna cosanta agus faireachais a bhunaítear timpeall ar na ráigeanna deimhnithe**

Aonad réigiúnach agus uimhir thagartha an chórais faisnéise galar ainmhithe den ráig	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Ghréig dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
Aonad réigiúnach Larisa GR-PPR-2024-00013 GR-PPR-2024-00014 GR-PPR-2024-00016 GR-PPR-2024-00018 GR-PPR-2024-00019 GR-PPR-2024-00020 GR-PPR-2024-00021 GR-PPR-2024-00022 GR-PPR-2024-00024 GR-PPR-2024-00025 GR-PPR-2024-00039 GR-PPR-2024-00049 GR-PPR-2024-00050 GR-PPR-2024-00051 GR-PPR-2024-00052 GR-PPR-2024-00061 GR-PPR-2024-00062 GR-PPR-2024-00064 GR-PPR-2024-00070 GR-PPR-2024-00071 GR-PPR-2024-00072 GR-PPR-2024-00081	An crios cosanta: Those parts of the regional units of Larisa and Trikala, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 39.71114, Long. 22.56483 (2024/13), Lat. 39.71725, Long. 22.55791(2024/14), Lat. 39.75311, Long. 22.53438 (2024/16), Lat. 39.73416, Long. 22.39829 (2024/18), Lat. 39.70568, Long. 22.54803 (2024/19), Lat. 39.72117, Long. 22.55795 (2024/20), Lat 39.71224, Long. 22.55537 (2024/21), Lat. 39.72519, Long. 22.55152 (2024/22), Lat. 39.71893611, Long. 22.55735556 (2024/24), Lat 39.71858331, Long. 22.55214023 (2024/25), Lat. 39.68830556, Long. 22.54872222 (2024/39), Lat. 39.723063, Long. 22.56726 (2024/49), Lat. 39.715987, Long. 22.544177 (2024/50), Lat. 39.77315833, Long. 22.56333889 (2024/51), Lat. 39.77315833, Long. 22.56333889 (2024/52), Lat. 39.741209, Long. 22.540522 (2024/61), Lat. 39.722158, Long. 22.539035 (2024/62), Lat. 39.744467, Long. 22.453942 (2024/64), Lat. 39.773004, Long. 22.560469 (2024/70), Lat. 39.776907, Long. 22.562921 (2024/71), Lat. 39.73016134, Long. 22.40806056 (2024/72), Lat. 39.730038, Long. 22.408776 (2024/81)	17.10.2024
	An crios faireachais: Those parts of the regional units of Larisa and Trikala, contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat.39.71114, Long.22.56483 (2024/13), Lat.39.71725, Long.22.55791(2024/14), Lat.39.75311, Long.22.53438 (2024/16), Lat.39.73416, Long.22.39829 (2024/18), Lat.39.70568, Long. 22.54803 (2024/19), Lat 39.72117, Long.22.55795 (2024/20), Lat.39.71224, Long. 22.55537 (2024/21), Lat. 39.72519, Long.22.55152 (2024/22), Lat.39.71893611, Long.22.55735556 (2024/24), Lat.39.71858331, Long.22.55214023 (2024/25), Lat.39.68830556, Long.22.54872222 (2024/39), Lat.39.723063, Long.22.56726 (2024/49), Lat.39.715987, Long.22.544177 (2024/50), Lat.39.77315833, Long.22.56333889 (2024/51), Lat.39.77315833, Long.22.56333889 (2024/52), Lat.39.741209, Long.22.540522 (2024/61), Lat.39.722158,	26.10.2024

	Long.22.539035 (2024/62), Lat.39.744467, Long. 22.453942 (2024/64), Lat.39.773004, Long.22.560469 (2024/70), Lat.39.776907, Long.22.562921 (2024/71), Lat.39.73016134, Long.22.40806056 (2024/72), Lat. 39.730038, Long. 22.408776 (2024/81) excluding the areas contained in the protection zone	
	An crios faireachais: Those parts of the regional units of Larisa and Trikala, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat.39.71114, Long.22.56483 (2024/13), Lat.39.71725, Long.22.55791(2024/14), Lat.39.75311, Long.22.53438 (2024/16), Lat.39.73416 Long.22.39829 (2024/18), Lat.39.70568, Long.22.54803 (2024/19), Lat.39.72117, Long.22.55795 (2024/20), Lat.39.71224, Long.22.55537 (2024/21), Lat.39.72519, Long.22.55152 (2024/22), Lat.39.71893611, Long.22.55735556 (2024/24), Lat.39.71858331, Long.22.55214023 (2024/25), Lat.39.68830556, Long.22.54872222 (2024/39), Lat.39.723063, Long.22.56726 (2024/49), Lat.39.715987, Long.22.544177 (2024/50), Lat.39.77315833, Long.22.56333889 (2024/51), Lat.39.77315833, Long.22.56333889 (2024/52), Lat.39.741209, Long.22.540522 (2024/61), Lat.39.722158, Long.22.539035 (2024/62), Lat.39.744467, Long.22.453942 (2024/64) , Lat 39.773004, Long. 22.560469 (2024/70), Lat 39.776907, Long. 22.562921 (2024/71), Lat 39.73016134, Long. 22.40806056 (2024/72), Lat. 39.730038, Long. 22.408776 (2024/81)	18.10.2024 – 26.10.2024
Aonad Réigiúnach Corinthia GR-PPR-2024-00017 GR-PPR-2024-00026 GR-PPR-2024-00030 GR-PPR-2024-00036 GR-PPR-2024-00037 GR-PPR-2024-00038 GR-PPR-2024-00040 GR-PPR-2024-00041 GR-PPR-2024-00042 GR-PPR-2024-00053 GR-PPR-2024-00055 GR-PPR-2024-00056 GR-PPR-2024-00057 GR-PPR-2024-00059 GR-PPR-2024-00065 GR-PPR-2024-00066 GR-PPR-2024-00068 GR-PPR-2024-00069 GR-PPR-2024-00073	An crios cosanta: Those parts of the regional unit of Corinthia, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 37.90655, Long. 22.32409 (2024/17), Lat. 37.90738197, Long. 22.32509902 (2024/26), Lat. 37.90916879, Long. 22.32662611 (2024/30), Lat. 37.90743928, Long. 22.3292836 (2024/36), Lat. 37.90524584, Long. 22.32466505 (2024/37), Lat. 37.90346352, Long. 22.32520695 (2024/38), Lat. 37.84748286, Long. 22.4120991 (2024/40), Lat. 37.84859, Long. 22.41390 (2024/41), Lat. 37.8460599, Long. 22.40909057 (2024/42), Lat. 37.91329163, Long. 22.32857931 (2024/53), Lat. 37.906098, Long. 22.335104 (2024/55), Lat. 37.899091, Long. 22.324823 (2024/56),	18.10.2024

	Lat. 37.906063, Long. 22.330503 (2024/57), Lat. 37.9088889, Long. 22.32611111 (2024/59), Lat. 37.904721, Long. 22.317336 (2024/65), Lat. 37.9097114, Long. 22.3310094 (2024/66), Lat. 37.911767, Long. 22.329639 (2024/68), Lat. 37.900379, Long. 22.333505 (2024/69), Lat. 37.83345649, Long. 22.41428781 (2024/73), Lat. 37.917366, Long. 22.329963 (2024/77), Lat. 37.885097, Long. 22.338061 (2024/78), Lat. 37.911, Long. 22.3326 (2024/79), Lat. 37.902798, Long. 22.331295 (2024/80), Lat. 37.88572766, Long. 22.33428451 (2024/82)	
GR-PPR-2024-00077 GR-PPR-2024-00078 GR-PPR-2024-00079 GR-PPR-2024-00080 GR-PPR-2024-00082	An crios faireachais: Those parts of the regional unit of Corinthia, contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 37.90655, Long. 22.32409 (2024/17), Lat. 37.90738197, Long. 22.32509902 (2024/26), Lat. 37.90916879, Long. 22.32662611 (2024/30), Lat. 37.90743928, Long. 22.3292836 (2024/36), Lat. 37.90524584, Long. 22.32466505 (2024/37), Lat. 37.90346352, Long. 22.32520695 (2024/38), Lat. 37.84748286, Long. 22.4120991 (2024/40), Lat. 37.84859, Long. 22.41390 (2024/41), Lat. 37.8460599, Long. 22.40909057 (2024/42), Lat. 37.91329163, Long. 22.32857931 (2024/53), Lat. 37.906098, Long. 22.335104 (2024/55), Lat. 37.899091, Long. 22.324823 (2024/56), Lat. 37.906063, Long. 22.330503 (2024/57), Lat. 37.9088889, Long. 22.32611111 (2024/59), Lat. 37.904721, Long. 22.317336 (2024/65), Lat. 37.9097114, Long. 22.3310094 (2024/66), Lat. 37.911767, Long. 22.329639 (2024/68), Lat. 37.900379, Long. 22.333505 (2024/69), Lat. 37.83345649, Long. 22.41428781 (2024/73), Lat. 37.917366, Long. 22.329963 (2024/77), Lat. 37.885097, Long. 22.338061 (2024/78), Lat. 37.911, Long. 22.3326 (2024/79), Lat. 37.902798, Long. 22.331295 (2024/80), Lat. 37.88572766, Long. 22.33428451 (2024/82), excluding the areas contained in the protection zone	27.10.2024
	An crios faireachais: Those parts of the regional unit of Corinthia, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 37.90655, Long. 22.32409 (2024/17), Lat. 37.90738197, Long. 22.32509902 (2024/26), Lat. 37.90916879, Long. 22.32662611 (2024/30), Lat. 37.90743928, Long.	19.10.2024 –27.10.2024

	22.3292836 (2024/36), Lat. 37.90524584, Long. 22.32466505 (2024/37), Lat. 37.90346352, Long. 22.32520695 (2024/38), Lat. 37.84748286, Long. 22.4120991 (2024/40), Lat. 37.84859, Long. 22.41390 (2024/41), Lat. 37.8460599, Long. 22.40909057 (2024/42), Lat. 37.91329163, Long. 22.32857931 (2024/53), Lat. 37.906098, Long. 22.335104 (2024/55), Lat. 37.899091, Long. 22.324823 (2024/56), Lat. 37.906063, Long. 22.330503 (2024/57), Lat. 37.9088889, Long. 22.32611111 (2024/59), Lat. 37.904721, Long. 22.317336 (2024/65), Lat. 37.9097114, Long. 22.3310094 (2024/66), Lat. 37.911767, Long. 22.329639 (2024/68), Lat. 37.900379, Long. 22.333505 (2024/69), Lat. 37.83345649, Long. 22.41428781 (2024/73), Lat. 37.917366, Long. 22.329963 (2024/77), Lat. 37.885097, Long. 22.338061 (2024/78), Lat. 37.911, Long. 22.3326 (2024/79), Lat. 37.902798, Long. 22.331295 (2024/80), Lat. 37.88572766, Long. 22.33428451 (2024/82)	
Aonad réigiúnach Aetolia-Acarnania GR-PPR-2024-00031 GR-PPR-2024-00045 GR-PPR-2024-00046 GR-PPR-2024-00060 GR-PPR-2024-00063	An crios faireachais: Those parts of the regional unit of Aetolia-Acarnania, contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 38.87143056, Long. 20.90533611 (2024/31), Lat. 38.50446, Long. 21.14739722 (2024/45), Lat. 38.59527778, Long. 21.37666667 (2024/46), Lat. 38.594603, Long. 21.376363 (2024/60), Lat. 38.594983, Long. 21.374816 (2024/63) excluding the areas contained in the protection zone	5.10.2024
	An crios faireachais: Those parts of the regional unit of Aetolia-Acarnania, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 38.87143056, Long. 20.90533611 (2024/31) Lat. 38.50446, Long. 21.14739722 (2024/45), Lat. 38.59527778, Long. 21.37666667 (2024/46), Lat. 38.594603, Long. 21.376363 (2024/60), Lat. 38.594983, Long. 21.374816 (2024/63)	27.9.2024-5.10.2024
	An crios cosanta: Those parts of the regional units of Ilia and Arcadia, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 37.854873, Long. 21.229961 (2024/33), Lat. 37.704207, Long. 21.774086 (2024/34), Lat. 37.85390172, Long. 21.23147573 (2024/54), Lat. 37.85456809, Long. 21.23477736 (2024/67)	3.10.2024

Aonad réigiúnach Ilia GR-PPR-2024-00033 GR-PPR-2024-00034 GR-PPR-2024-00054 GR-PPR-2024-00067	An crios faireachais: Those parts of the regional unit of Ilia and Arcadia, contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 37.854873, Long. 21.229961 (2024/33), Lat. 37.704207, Long. 21.774086 (2024/34), Lat. 37.85390172, Long. 21.23147573 (2024/54), Lat. 37.85456809, Long. 21.23477736 (2024/67) excluding the areas contained in the protection zone	12.10.2024
	An crios faireachais: Those parts of the regional unit of Ilia and Arcadia, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 37.854873, Long. 21.229961 (2024/33), Lat. 37.704207, Long. 21.774086 (2024/34), Lat. 37.85390172, Long. 21.23147573 (2024/54), Lat. 37.85456809, Long. 21.23477736 (2024/67)	4.10.2024-12.10.2024

B. **Criosanna srianta breise**

Réigiún	Limistéir a áirítear sa chrios srianta breise a bhunaítear sa Ghréig dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh sé infheidhme go dtí é
Réigiún na Teasáile	The following regional units: — Trikala — Larisa — Karditsa excluding the areas included in any protection or surveillance zone.	26.10.2024
	The following regional units: — Trikala — Larisa — Karditsa	27.10.2024-25.11.2024
Réigiún na Macadóine Thiar	The regional unit of Grevena	6.11.2024
Réigiún na hAtaice	— The following regional units: — West Athens — West Attica — Piraeus — In the regional unit of East Attica, the following municipalities: — Acharnes — Oropos	6.10.2024
Réigiún na Gréige Láir	In the regional unit of Boeotia, the municipality of Tanagra.	6.10.2024

Réigiún na Peilipinéise	— In the regional unit of Corinthia, the following municipalities: — Sikyona — Xylokastro-Evrostina — Velo-Vocha — Nemea — In the regional unit of Arcadia, the municipal unit of Levidi and the municipality of Gortynia — In the regional unit of Argolis, the municipal unit of Alea excluding the areas included in any protection or surveillance zone.	27.10.2024
	— In the regional unit of Corinthia, the following municipalities: — Sikyona — Xylokastro-Evrostina — Velo-Vocha — Nemea — In the regional unit of Arcadia, the municipal unit of Levidi and the municipality of Gortynia — In the regional unit of Argolis, the municipal unit of Alea	28.10.2024-26.11.2024
Réigiún na Gréige Thiar	In the regional unit of Achaea the following municipal units: — Aigeira — Akrata — Kleitoria excluding the areas included in any protection or surveillance zone.	27.10.2024
	In the regional unit of Achaea the following municipal units: — Aigeira — Akrata — Kleitoria	28.10.2024-26.11.2024
	The regional unit of Aetolia-Acarnania excluding the areas included in any protection or surveillance zone.	5.10.2024
	The regional unit of Aetolia-Acarnania	6.10.2024-4.11.2024
	The regional unit of Ilia excluding the areas included in any protection or surveillance zone.	12.10.2024
	The regional unit of Ilia	13.10.2024-11.11.2024
Réigiún na Créite	The regional unit of Iraklio	4.10.2024
Réigiún na Macadóine Thoir agus na Tráicia	In the regional unit of Rodopi the following municipalities : — Iasmos — Komotini excluding the areas included in any protection or surveillance zone.	27.9.2024
	In the regional unit of Rodopi the following municipalities : — Iasmos — Komotini	28.9.2024-27.10.2024

	In the regional unit of Drama : — The municipalities of Doxato and Prosotsani — The municipal units of Drama and Nikiforos	6.10.2024
	In the regional unit of Serres the municipal units of: — Alistrati — Rodolivous — Kormista	6.10.2024
	In the regional unit of Kavala the municipal units of : — Filippoi — Eleftheroupoli — Piereon — Paggaio	6.10.2024